**RABHADH**

**<u>NÍ MÓR</u> duit an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an Scrúdaithe; mura ndéantar sin caillfear marcanna**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo →**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011

## EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 23 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 – 12.00

*Don Fheitheoir amháin*

Stampa an Ionaid

*Treoracha Ginearálta*

TÁ DHÁ ROINN SA SCRÚDPHÁIPÉAR SEO.

*Roinn a hAon:* Ní mór **sé** cheist a fhreagairt.
Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.

*Roinn a Dó:* Ní mór **trí** cheist a fhreagairt.
Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.

*Iomlán na Marcanna: 300 marc.*

*Níor chóir níos mó ná 45 nóiméad a chaitheamh ar Roinn a hAon.*
*Ba chóir 105 nóiméad a fhágáil do Roinn a Dó.*

**[THALL]**


## Roinn a hAon (120 marc)

### Treoracha

- Freagair **sé** cheist ar bith. Tá **20** marc ag gabháil le gach ceist.
- Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.
- Bíodh do chuid freagraí gearr.
- Scríobh do scrúduimhir sa spás atá ann di ar leathanach 1.

**Ceist 1.**

(a) Taispeántar síol de phónaire leathan atá ag péacadh sa léaráid ar dheis. Sainaithin na codanna a bhfuil na lipéid A agus B orthu.




A. ______________________________

B. ______________________________

(b) Liostaigh na **trí** dháil atá riachtanach chun go bpéacfaidh síol.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

(c) Luaigh **dhá** bhealach a scaipeann plandaí a gcuid síolta.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**(20 marc)**

**Ceist 2.**

(a) Luaigh difear amháin idir leasachán cumaisc agus aoileach.
Luaigh pointe **amháin** faoi gach aon cheann díobh i do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(b) Taispeántar mála de leasachán cumaisc san fhótagraf. Seasann na huimhreacha ar an tosach do na príomhdhúile sa leasachán. Ainmnigh na **trí** dhúil sin.

(i) ______________________

(ii) ______________________

(iii) ______________________




(c) Seachas an leasachán a thaispeántar san fhótagraf thuas, ainmnigh leasachán eile a úsáidtear sa talmhaíocht.

______________________________________________

**(20 marc)**

**Ceist 3.**


Luaigh suíomh gach ceann díobh seo a leanas i gcorp mamaigh. Tá an chéad cheann déanta duit mar shampla.

| **Cuid an Choirp** | **Suíomh** |
|---|---|
| **Villis** | **Stéig bheag** |
| (i) Méadailín clé | |
| (ii) Féimear | |
| (iii) Broincín | |
| (iv) Uirí | |
| (v) Ceirbream | |

**(20 marc)**
**[THALL]**

**Ceist 4.**

Comhlánaigh an tábla thíos i dtaca leis na horgánaigh a thaispeántar sna fótagraif.

| | | |
|---|---|---|
| |  |  |
| (i) **Ainm an orgánaigh** | | |
| (ii) **Fíleam** | | |
| (iii) **Tréith amháin de bhall den fhíleam** | | |
| (iv) **Tábhacht sa talmhaíocht** | | |

**(20 marc)**

**Ceist 5.**

Tabhair sainmhíniú ar gach ceann de na téarmaí seo a leanas a úsáidtear i dtáirgeadh ainmhithe.

| **Téarma beostoic** | **Sainmhíniú** |
|---|---|
| (i) Bullán | |
| (ii) Céis | |
| (iii) Caora dhealaithe | |
| (iv) Sicín grísce | |
| (v) Lao diúil | |

**(20 marc)**

**Ceist 6.**

Tabhair míniú eolaíochta ar **gach ceann** de na cleachtais seo a leanas a chuirtear ar siúl ar fheirmeacha curaíochta:

(a) Uainíocht na mbarr. ______________________________

______________________________

______________________________

(b) Síol deimhnithe a chur. ______________________________

______________________________

______________________________

(c) Luibhicíd roghnaíoch a leathadh. ______________________________

______________________________

______________________________

(d) Cineálacha geimhridh de ghránaigh a phlandú. ______________________________

______________________________

______________________________

**(20 marc)**

**Ceist 7.**

(a) Ainmnigh **dhá** ghalar beostoic a bhfuil baictéir ina gcúis leo.

1. ____________________ 2. ____________________

(b) Tabhair **dhá** bhuntáiste le baictéir sa talmhaíocht.

1. ______________________________

2. ______________________________

(c) Cén **cineál** orgánaigh is cúis le dúchan na bprátaí? ____________________

**(20 marc)**

**[THALL]**

# ROINN A DÓ (180 MARC)

**Treoracha**

**Scríobh do chuid freagraí ar Roinn a Dó i do fhreagarleabhar.**

Freagair **trí** cheist ar bith. Tá **60** marc ag gabháil le gach ceist.

---

**Ceist 8.**

(a) Scríobh nóta ar **gach ceann** de na cleachtais seo a leanas a chuirtear ar siúl i dtáirgeadh caorach:
- (i) Sciotadh eireabaill
- (ii) Bearradh
- (iii) Breasal a chur ar reithe
- (iv) Tumadh
- (v) An tréad a chur ag siúl trí fholcadán crúb.

(b) Úsáidtear píosaí éagsúla fearais agus aonaid tithíochta chun dea-bhainistíocht feirme a chinntiú. Mínigh an úsáid a bhaintear as **gach ceann** díobh seo a leanas ar fheirmeacha atá i mbun táirgeadh beostoic:
- (i) Pionna aonraithe
- (ii) Lampa infridhearg
- (iii) Beathaitheoir bacphoill
- (iv) Gabhlach
- (v) Cliathbhosca breithe.

**(60 marc)**

**Ceist 9.**

(a) Úsáidtear seamair agus seagalach ilbhliantúil go minic i meascán síolta i gcomhair féaraigh.
- (i) Luaigh **trí** bhuntáiste le seamair a úsáid i meascáin síolta.
- (ii) Tabhair **dhá** chúis a n-aithnítear seagalach ilbhliantúil mar fhéar den scoth.

(b) Is minic a chuireann feirmeoirí meascán de chineálacha síolta ina gcuid <u>bánta</u>.
Péacann na síolta agus déantar iad <u>a bhunú</u> cé go d<u>tagann siad i gcraobh (i ndias)</u> ar dhátaí éagsúla.
Mínigh na **trí** théarma a bhfuil líne fúthu.

(c) Is féidir modhanna éagsúla a úsáid nuair atá síol féir á chur.
Luaigh an modh is oiriúnaí chun síol féir a chur i **ngach ceann** ar leith de na cúinsí seo a leanas:
- (i) Tá feirmeoir ag iarraidh eorna a chur ach féar a bheith ar fáil aige chomh maith céanna i gcomhair na hinnilte nuair a bhainfear an eorna.
- (ii) Tá feirmeoir ag iarraidh síol féir a chur ar thalamh atá éadomhain nó nach féidir a threabhadh go héasca.

(d)
- (i) Céard a chiallaíonn an téarma *Díleáiteacht Ábhair Thirim* (*DMD*)?
- (ii) Cén luach garbh DMD is ceart a bheith ag sadhlas ardcháilíochta?
- (iii) Mínigh cén fáth a bhfuil seantalamh féaraigh faoi dhrochbhainistíocht mí-oiriúnach i gcomhair táirgeadh sadhlais de dhea-cháilíocht.

**(60 marc)**

**Ceist 10.**

(a) Léigh an t-alt seo a leanas faoi fhás na bportach móna agus meaitseáil na focail **ón liosta thíos** leis na spásanna uimhrithe.

**leathbhá 1-2m 8-10m galú báisteach aigéadacht**


**Scríobh do chuid freagraí i do fhreagarleabhar agus ní ar an scrúdpháipéar seo.**

Déantar bratphortaigh i gceantair ina bhfuil _____**1**______ ard agus _____**2**_____ íseal. Bíonn siad _______**3**________ ar doimhneacht de ghnáth. Is tréith choitianta de bhratphortach í _______**4**________. Bíonn portaigh ardaithe ______**5**________ ar doimhneacht de ghnáth. Fásann siad i ngleannta agus i loig mar thoradh ar _______**6**________.

(b) Tabhair sampla de (i) bruthcharraig
(ii) carraig dhríodair
(iii) carraig mheiteamorfach.
I ngach cás **ar leith**, luaigh ceantar nó contae ar oileán na hÉireann ina bhfaightear go forleathan é.

(c) Is féidir go ndéanfaí máthaircharraig a shíonchaitheamh ar bhealaigh fhisiciceacha nó cheimiceacha. Briseann an síonchaitheamh an charraig ina cáithníní ithreach. Tabhair **mionsonraí** de **thrí** bhealach ar bith inar féidir carraig a shíonchaitheamh.

(d) Taispeántar triantán uigeachta ithreach sa léaráid thíos.




| Samplaí ithreach | Gaineamh % | Lathach % | Cré % |
|---|---|---|---|
| Ithir A | 10 | 35 | 55 |
| Ithir B | 40 | 45 | 15 |
| Ithir C | 60 | 25 | 15 |

Bain úsáid as an triantán uigeachta ithreach chun uigeacht na samplaí ithreach A, B agus C liostaithe sa tábla thuas a aithint. **Scríobh do chuid freagraí i do fhreagarleabhar.**

**(60 marc)**

**Ceist 11.**

(a) Bíonn paraisítí coitianta sa talmhaíocht.
 (i) Céard is paraisít ann?
 (ii) Tabhair sampla de pharaisít de bharr **nó** de bheostoc **ainmnithe** a bhfuil staidéar déanta agat air.
 (iii) Luaigh bealach **amháin** chun fáil réidh leis an bparaisít atá ainmnithe agat.

(b) Le cúnamh léaráide lipéadaithe, déan cur síos ar shaolré feithide **ainmnithe**.

(c) Déan cur síos ar shaothrú gránach **nó** barr fréimhe, faoi na ceannteidil seo a leanas:
 (i) Oiriúnacht na hithreach
 (ii) Síolchur – dáta **agus** modh
 (iii) An leasachán a úsáidtear
 (iv) Srianadh lotnaidí
 (v) Baint – modh **agus** am
 (vi) Táirgeadh in aghaidh an heicteáir.

**(60 marc)**

**Ceist 12.**

**Freagair dhá chuid ar bith de (a), (b), (c) agus (d).** **(30 marc, 30 marc)**

(a) Tarraing léaráid lipéadaithe den chóras díleá in ainmhí monagastrach **ainmnithe**. Déan cur síos ar thurgnamh chun iniúchadh a dhéanamh ar ghníomhaíocht einsíme díleáiche **ainmnithe**.

(b) Tabhair míniú eolaíochta ar **gach aon cheann** díobh seo a leanas:
 (i) Cuiteoga a bheith le feiceáil ar dhromchla na hithreach tar éis báisteach throm.
 (ii) Lao a bheathú le gruth buí sna huaireanta díreach tar éis a shaolaithe.
 (iii) Caomhnú fálta sceach.
 (iv) Féar tirim á stóráil i gceart díreach i ndiaidh a thriomaithe.
 (v) Crainn á dtanú i dtáirgeadh crann foraoiseachta.

(c) Aithnítear bainne mar bhunriachtanas bia do laonna óga.
 (i) Luaigh comhdhéanamh meánach bainne úir.
 (ii) Déan cur síos ar iniúchadh saotharlainne chun a thaispeáint go bhfuil comhpháirt **ainmnithe amháin** ar fáil i mbainne úr.
 (iii) Cén chaoi ar féidir leis an bhfeirmeoir déiríochta fabhtú bainne sa bhleánlann a sheachaint?

(d) (i) Déan cur síos, le cúnamh léaráide lipéadaithe, ar bhiashlabhra simplí mar a tharlaíonn sé ar an bhfeirm.
 (ii) Déan cur síos ar iniúchadh páirce chun comhdhéanamh luibheolaíoch seanfhéaraigh bhuain a fháil amach.
 (iii) D'ainmnigh na Náisiúin Aontaithe an bhliain 2010 mar Bhliain Idirnáisiúnta na Bithéagsúlachta. Mínigh an téarma *bithéagsúlacht*.

**Ceist 13.**

(a) Mínigh na téarmaí seo a leanas: (i) Ailléilí, (ii) Clón, (iii) Spreacadh hibrideach.


(b) San eorna tá an ailléil don chineál déise sé shraith (**S**) ceannasach ar an ailléil don chineál déise dhá shraith (**s**). Rinneadh planda eorna, a bhí homaisigeach maidir leis an gcineál déise sé shraith (**SS**), a chrosáil le planda a bhí homaisigeach maidir leis an gcineál déise dhá shraith (**ss**). Bhí an sliocht (F1) heitrisigeach. Rinneadh an sliocht a chrosáil lena chéile ansin le féinphailniú chun ginealach an F2 a tháirgeadh. **Cóipeáil é seo a leanas i do fhreagarleabhar** agus líon na spásanna (géinitíopaí idir lúibíní, feinitíopaí ar na línte).

| | | | |
|---|---|---|---|
| Géinitíopaí na dtuismitheoirí tosaigh | (SS) | X | (ss) |
| Na gaiméití a tháirgeann gach tuismitheoir | ( ) | X | ( ) |
| Géinitíopa an tsleachta (F1) | | ( ) | |
| Feinitíopa an tsleachta (F1) | | ________________________ | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Géinitíopa thuismitheoirí an dara ginealach | ( ) | | X | | ( ) |
| Na gaiméití a tháirgeann gach tuismitheoir | ( ) | ( ) | X | ( ) | ( ) |
| Géinitíopaí an dara ginealach (F2) | ( ) | ( ) | | ( ) | ( ) |
| Feinitíopaí an dara ginealach (F2) | ______ | ______ | | ______ | ______ |

(c) **I do fhreagarleabhar** taispeáin crosáil idir tuismitheoir leis an gcineál déise dhá shraith agus aonán F1 ón sampla thuas.
I do chrosáil, taispeáin:
(i) géinitíopaí na dtuismitheoirí
(ii) géinitíopaí na ngaiméití
(iii) géinitíopaí **agus** feinitíopaí shliocht na crosála.

(d) Is dhá chineál cilldeighilte iad miotóis agus méóis atá ar do chúrsa agus a chuirtear i láthair thíos i bhfoirm léaráide.




(i) Cé acu léaráid, A nó B, a sheasann don mhéóis?
(ii) Cé acu léaráid a bhfuil cealla haplóideacha ann?
(iii) Céard é an phríomhdhifríocht idir chill haplóideach agus cill dhioplóideach?
(iv) Cén áit i gcorp an ainmhí a mbeifeá ag súil le cealla haplóideacha a fháil?

**(60 marc)**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán